

Forléargas ar  
Thorthaí Tosaigh

# Alt 10A

(Fógraíocht ag  
Comhlachtaí Poiblí)



Acht na dTeangacha  
Oifigiúla (Leasú), 2021

# Clár na nÁbhar

1. Achoimre Fheidhmeach	2
2. An Próiseas Faireacháin	4
3. Géilliúlacht a Thomhas agus Torthaí	6
4. Breithniúcháin Shuntasacha Eile	10

## 1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH

### Cúlra

Is í bunaidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 cur le líon agus caighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge don phobal. Déanann Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, láidriú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá dea-thionchar an Achta leasaithe le feiceáil cheana féin agus treisiú á dhéanamh ar na cearta teanga atá ag pobal na Gaeilge. Tá Alt 10A, (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) ar cheann de na chéad fhorálacha atá tagtha i bhfeidhm ón Acht leasaithe (2021).

Is cuid lárnach dár saol laethúil iad na meáin chumarsáide, agus tá ról suntasach acu i múnú ár gcuid smaointe, tuairimí agus braistintí. Cuimsíonn sé raon leathan cainéal cumarsáide amhail teilifís, raidió, na meáin shóisialta, an t-idirlíon, nuachtáin agus irisí a sholáthraíonn faisnéis do lucht féachana mór. Feidhmíonn na meáin mar fhoinsé thábhachtach nuachta, faisnéise, siamsaíochta, oideachais agus sóisialú, agus síneann a dtionchar chuig gach gné dár saol. Tá fógraíocht le feiceáil go forleathan ar gach aon cheann de na meáin a mbaineann muid úsáid astu gach aon lá.

Leagann Alt 10A. a tháinig i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2022, dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí sciar suntasach dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge. Forordaítear le hAlt 10A. nach mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú:

- go ndéantar 20% dá bhfógraíocht bhliantúil trí Ghaeilge agus
- go gcaitear 5% ar a laghad dá mbuiséad bliantúil fógraíochta ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge.

### An Forléargas seo

Tugtar forléargas anseo ar chuid de na príomhthorthaí tosaigh a eascraíonn ón iniúchadh atá idir lámha Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) ar chur i bhfeidhm na forála nua fógraíochta do 2023. Cé gur tugadh dúshlán áirithe faoi

deara maidir le leibhéal ghéilliúlachta ar fud na hearnála poiblí, is údar misnigh an méadú as cuimse atá tagtha ar infheictheacht agus ar úsáid na Gaeilge ar fud earnáil na fógraíochta agus na meán de thoradh Alt 10A. Treisíonn an cor chun feabhais i bhfógraíocht trí Ghaeilge ar mheáin éagsúla cearta teanga phobal na Gaeilge.

Seo a leanas na torthaí is suntasaí a d'eascair ón iniúchadh:

- Chaith comhlachtaí poiblí €3.8m ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge in 2023
- Chaith comhlachtaí poiblí €10.4m eile, sa mbreis ar an €3.8m thuasluaite, ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin Bhéarla (idir mheáin íochta agus faoi úinéireacht)
- Tá láithreach na Gaeilge ar meáin éagsúla tar éis dul i méid go mór de thoradh na forála seo, rud atá an-tábhachtach chun bisiúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú. Chumhdaigh an t-iniúchadh 98% den chaiteachas iomlán a rinne earnáil na gcomhlachtaí poiblí ar fhógraíocht sa bhliain 2023 – rinneadh cros-seiceáil le tuairisciú Nielsen Ad Intel, foinsé sonraí fógraíochta ag a bhfuil aitheantas forleathan, ar fhógraíocht a rinne comhlachtaí poiblí trí chéile.
- Clúdaíonn sonraí an fhorléargais aighneachtaí féinthuairiscithe ó 334 comhlacht poiblí go dáta.
- Tá seiceálacha géilliúlachta ar siúl go leanúnach i gcás na gcomhlachtaí poiblí go léir atá forordaithe ag Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021). Ní mór do gach comhlacht poiblí a chinntiú go ngéilltear go hiomlán d'fhorálacha uile Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021). Foilseofar tuarascálacha breise ar ghéilliúlacht d'Alt 10A. i measc comhlachtaí poiblí.

## Earnáil na Fógraíochta in Éirinn

In 2023, b'ionann an caiteachas measta ar fhógraíocht uile (an earnáil phríobháideach agus phoiblí) in Éirinn agus €1.47 billiún. B'ionann fógraíocht uile na hearnála poiblí do 2023 agus €97 milliún, arb ionann é sin 7% den chaiteachas iomlán ar fhógraíocht. Is féidir linn a dhéanamh amach ón bhféintuairiscíú a rinne comhlachtaí poiblí faoi Alt 10A. gur ar fhógraíocht trí Ghaeilge ar na meáin Bhéarla a caitheadh €10.4 milliún de chaiteachas iomlán (€97m) na hearnála poiblí, agus gur caitheadh €3.8 milliún eile ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge. Cé gurb ionann luach iomlán na fógraíochta trí Ghaeilge a dhéanann an earnáil phoiblí agus faoi bhun 1% den chaiteachas iomlán (poiblí agus príobháideach) ar fhógraíocht, is caiteachas suntasach mar sin féin é. Cuirtear i gcás gur chaith Rialtas na hÉireann €9 milliún san iomlán ar fhógraíocht i ndáil le COVID 19 in 2021.

## An Earnáil Phoiblí

As an 500 comhlacht poiblí forordaithe atá san earnáil, bhí 334 nó 67% de na comhlachtaí poiblí tar éis taisctí ar a ngníomhaíochtaí fógraíochta don bhliain 2023 a sheoladh isteach tráth deiridh a raibh an forléargas seo á chur i dtoll a chéile. Fuair OCT comhfhreagras freisin ó chomhlachtaí poiblí forordaithe eile nár chuir taisctí deiridh isteach go fóill i ndáil le hAlt 10A. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na dtaisctí faomhtha ó chomhlachtaí poiblí faoi dheireadh 2024.

Rinneadh na 334 comhlacht poiblí a sheol taisctí isteach a ghrúpáil de réir tairseacha caiteachais ar fhógraíocht deiridh, mar a léirítear i dTábla 1. Ba é b'aidhm leis an gcatagóiriú sin comparáid a dhéanamh idir comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid chomhchosúla fógraíochta acu agus

treochtaí géilliúlachta a iniúchadh. Léirítear i dTábla 1 freisin líon na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoi gach tairseach chatagóirithe chaiteachais ar fhógraíocht.

Tábla 1

Catagóir	Caiteachas ar Fógraíocht	Líon Comhlachtaí Poiblí
Catagóir A	≥ €750,000	27
Catagóir B	€250,000 - €749,000	33
Catagóir C	≤ €250,000	274

## TORTHAÍ SUNTASACHA – CAITEACHAS AR FHÓGRAÍOCHT SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Léiríonn Cairt A an caiteachas a rinne comhlachtaí poiblí ar fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge do 2023.


Léiríonn na sonraí a sholáthair comhlachtaí poiblí:

- go raibh caiteachas iomlán €97m ag an earnáil phoiblí ar fhógraíocht in 2023
- gur chaith comhlachtaí poiblí €83 milliún ar fhógraíocht i mBéarla ar mheáin éagsúla in 2023
- gur chaith comhlachtaí poiblí €14.2m ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin uile (Béarla & Gaeilge)
- áirítear sa €14.2m sin caiteachas €3.8m ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge chun críche na forála 5%.

## Cairt A

### Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge

	Caiteachas	Céadatan
■ Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla	€83m	85%
■ Caiteachas ar Fhógraíocht i nGaeilge (cé is moite de na Meáin Ghaeilge)	€10.4m	11%
■ Caiteachas ar Fhógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€3.8m	4%




## TORTHAÍ SUNTASACHA – GÉILLIÚLACHT NA HEARNÁLA

- Léiríonn na sonraí i gCairt B thíos nár bhain Comhlachtaí Poiblí Chatagóir A (ag a bhfuil caiteachas ar Fhógraíocht ≥ €750,000), ar an meán, amach an tairseach reachtúil chun críche na bhforálacha 5% (fógraíocht ar na meáin Ghaeilge) agus 20% (fógraíocht i nGaeilge).
- B'fhearr a d'éirigh le comhlachtaí poiblí Chatagóir B (ag a bhfuil caiteachas ar Fhógraíocht ≥ €250,000 - €749,000) tríd is tríd, ach ar bhain siad:
  - 6% ar an meán amach ar bhonn earnála i ndáil leis an bhforáil 5%
  - 21% i ndáil leis an bhforáil 20%.

- Bhí na torthaí a bhain le comhlachtaí poiblí Chatagóir C (ag a bhfuil caiteachas ar Fhógraíocht < €250,000) níos dearfaí, ach ar baineadh amach:
  - 7% ar bhonn earnála i ndáil leis an bhforáil 5%
  - 26% i ndáil leis an bhforáil 20%.

## Cairt B

Leibhéil Ghéilliúlachta de réir de réir Chatagóir an Chomhlachta Phoiblí  
(Tairseacha na bhforálacha 5% agus 20% um Fhógraíocht i nGaeilge)



Mar a luadh cheana, tá seiceálacha géilliúlachta i ndáil le hAlt 10A. ar siúl i gcás gach comhlachta poiblí a fhorordaítear faoin Acht.

## 2. AN PRÓISEAS FAIREACHÁIN

De réir Alt 21(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, is feidhm de chuid an Choimisinéara Teanga é faireachán a dhéanamh ar ghéilliúlacht comhlachtaí poiblí d’fhorálacha Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021). Cuireadh tús i mí an Mhárta 2024 le faireachán ar ghéilliúlacht comhlachtaí poiblí d’Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí). Iarradh ar Chomhlachtaí Poiblí féintuairisciú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí fógraíochta tríd is tríd don bhliain féilire 2023. Chuir OCT tairseach ar líne le chéile ionas go mbeadh comhlachtaí poiblí in ann a dtacair sonraí a chur isteach chun críche faireacháin ar ghéilliúlacht.

### Feasacht na hEarnála Poiblí ar Alt 10A. a Threisiú

Agus OCT ag ullmhú, in 2022, do chur i bhfeidhm Alt 10A. sheol sí feachtas feasachta nach beag do chomhlachtaí poiblí. Ghlac breis is 2,000 duine páirt ghníomhach i seimineáir eolais agus i seimineáir ghréasáin. Chuir OCT teimpléad faireacháin ar ghéilliúlacht le chéile, lena

n-áirítear cás-staidéir chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí ar na sonraí ba ghá a sholáthar do na meáin éagsúla agus maidir leis na méadrachtaí tomhais chun géilliúlacht a thomhas faoi Alt 10A. Forbraíodh an tairseach ar líne ansin le héascú a dhéanamh ar an bpróiseas trína mbaileofaí faisnéis ar ghníomhaíochtaí fógraíochta na gcomhlachtaí poiblí do 2023. Cuireadh an tairseach ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

### Samhail Tomhaiste Géilliúlachta

Sonraíodh na meáin agus na critéir tomhais a léirítear i dTábla 2 thíos, arb ionann iad agus an tsamhail tomhaiste géilliúlachta a chuir OCT i bhfeidhm. Cuireadh an tsamhail i dtoll a chéile tar éis comhairliúcháin nach beag le lucht leasa earnála, ina measc comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí ionadaíochta fógraíochta. Dá bhrí sin, léiríonn an tsamhail tomhaiste géilliúlachta na cleachtais reatha a úsáideann comhlachtaí poiblí agus earnáil na fógraíochta le haghaidh fógraíochta.

Tábla 2

Tomhas 20%	Slat tomhais	Cur Síos
<b>Meán</b>	<b>Ceanglas</b>	<b>Mionsonraí</b>
Fís ar Éileamh	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fográn/ meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.
Fógraíocht Lasmuigh	% de líon iomlán na Suíomhanna Lasmuigh	Líon iomlán na Suíomh Póstaer in áirithe don fheachtas
Fuaim	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % líon iomlán na rianta leathanaigh.	Fuaim Dhigiteach de réir % líon iomlán na rianta leathanaigh
Meáin Chlóite/ Irisleabhair	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % den chiorclaíocht iomlán (meastacháin nuair nach luaitear sonraí ABC).	Is ionann chiorclaíocht agus an líon eagrán a dhíoltar go laethúil/seachtainiúil/míosúil ag brath ar mhíniú an fhoilseacháin
Meáin Shóisialta	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fográn/ meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.
Pictiúrlanna	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de líon iomlán na gceadanna isteach	Ceadanna isteach chuig pictiúrlanna
Raidió	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % den lucht éisteachta iomlán	% de mheán iomlán an lucht éisteachta (an líon éisteoirí a éistean le stáisiún raidió ar leith) (m.sh. aimsiú seachtainiúil Radio Kerry = 89k)
Taispeántais Dhigiteacha	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fográn/ meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora.
Teilifís	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de líon iomlán na bPointí Rátála Teilifíse	Pointí Rátála Teilifíse

Mar aon le sonraí faoi chaiteachas, faoi na meáin agus na méadrachtaí a húsáideadh iarradh ar Chomhlachtaí Poiblí freisin cuntas a sholáthar ar na feachtais fógraíochta ar leith a cuireadh i gcrích i gcaitheamh 2023. Thug an cuntas seo deis d'OCT gníomhaíochtaí fógraíochta na gcomhlachtaí poiblí a chros-seiceáil leis na sonraí faoi chaiteachas agus meáin a húsáideadh. Iarradh cóipeanna cruthaitheacha (ábhar fógraíochta ó fheachtais ar mheáin éagsúla) ar chuid de na comhlachtaí poiblí ba mhó a rinne caiteachas ar fhógraíocht. Chuir seo le léargas na hOifige ar luach agus ar chostas fógraíochta na gcomhlachtaí poiblí.

## Na Meáin Ghaeilge

Forordaítear le hAlt 10A. (1)(b) nach mór 5% ar a laghad de bhuiséad bliantúil fógraíochta gach comhlachta phoiblí a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin Ghaeilge. Is é seo a leanas an sainmhíniú a dhéantar san fhoráil ar na Meáin Ghaeilge:

*'ciallaíonn "meáin Ghaeilge" aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.'*

Ní thugtar aon sainmhíniú eile faoin Acht ar 'Meáin Ghaeilge'. Le linn an fheachtais náisiúnta ar ardú feasachta ar Alt 10A. a bheith idir lámha ag an Oifig tháinig sé chun solais go raibh fólus i bhfeasacht go leor comhlachtaí poiblí faoin bhfardal de mheáin Ghaeilge a bhí ar fáil chun críche na forála 5%. Chinn an Coimisinéir Teanga faoin fheidhm alt 21(e) maidir le comhairle a roinnt le comhlachtaí poiblí

faoin ndualgais faoin Acht liosta, nár liosta uileghabhálach é, de na meáin Ghaeilge a fhoilsiú le dul i ngleic leis an bhfólas feasachta sin. Bhí an beart seo riachtanach chun comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas faoin bhfardal atá ar fáil chun fógraí i nGaeilge a ghlacadh, go háirithe chun críche na forála 5%.

Le cois an chritéir thuasluaite maidir le hAlt 10A. (2)(b) den Acht go gcaithfidh 50% nó níos mó d'ábhar meán Ghaeilge incháilithe a bheith i nGaeilge, measadh líon critéar eile a bheith le háireamh faoi scóip na forála 'meáin Ghaeilge'. Baineadh úsáid as na critéir choitianta tionscail thíosluaite maidir le hincháilitheacht d'fhardal na 'meáin Ghaeilge':

- Struchtúr eagarthóireachta na meán/seirbhíse
- Struchtúr corparáideach na meán/seirbhíse
- Ábhar/seánraí na meán/seirbhíse, mar shampla: Nuacht/ Gnóthaí Reatha, Siamsaíocht, Spórt, Taisteal, etc.
- Eolas faoi chiorclaíocht, sonraí úsáideoirí, taighde na meán/seirbhíse ar a lucht féachana/éisteachta
- Ábhar topaice an inneachair – m.sh. róspleáchas ar ábhar seasta

Chuir OCT an liosta, nach liosta uileghabhálach é, seo thíos i dTábla 3, atá faoi réir a athraithe, ar fáil do chomhlachtaí poiblí. Chuir OCT in iúl do chomhlachtaí poiblí agus do mheáin chumarsáide araon go bhfuil sé riachtanach do mheáin a thugann faoi fhógraíocht faoi Alt 10A. ardchaighdeán i láithrí na Gaeilge i bhfógraí a chinntiú. Déanfaidh OCT athbhreithniú ar shaothar na bpáirtithe leasmhara de réir na comhairle sin agus athbhreithniú á

dhéanamh ar fhardal na meáin Ghaeilge amach anseo. Is fiú a lua freisin gur de lánrogha an chomhlachta poiblí é an soláthraí meán a roghnaíonn sé dá ghníomhaíochtaí fógraíochta chun críoch Alt 10A.

**Tábla 3: Liosta na Meán Gaeilge (Samhain 2024)**

Meán	Soláthróirí
Seirbhís Teilifíse	TG4
Raidió	RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá
Ardáin ar-líne	Tuairisc.ie, Nós.ie, Meoneile.ie*, Molscéal.ie, Bloc.tg4.ie, Éirebheo.ie*, ExtraG.ie*, OOHGaeilge.com*, Liathróidí.ie*, Podchraoladh Seachtain*
Meáin Chlóite	Comhar, Feasta, Seachtain, An Timire, An Páipéar*

\* Meáin Ghaeilge a bunaíodh ó tugadh feidhm d'Alt 10A.

## Forbairtí in Earnáil na Meán Gaeilge

Chuir OCT aon Mheán Gaeilge a shásaigh na critéir mheasúnachta thuasluaite san áireamh ar an liosta tosaigh de na meáin Ghaeilge, beag beann ar iad a bheith i mbun fógraíocht tráchtála ag an am. Cuir i gcás, níor ghlac RTÉ Raidió na Gaeltachta le fógraíocht tráchtála go dtí An Cháisc 2024.

Maidir le Meáin Gaeilge atá ar an bhfód le fada an lá, agus a fhaigheann maoiniú ón rialtas, bhí siad ag feidhmiú go dtí seo gan sochar na sruthanna ioncaim a d'eascródh ó fhógraíocht éigeantach i nGaeilge de chuid na seirbhíse poiblí. Ar an lámh eile, i dtaca le Meáin Ghaeilge nua a bunaíodh ó tháinig Alt 10A. i bhfeidhm, tá sé de dheis acu leas a bhaint as sruth suntasach ioncaim nua ó fhógraíocht de bhun na forála seo, ar tacaíocht ríthábhachtach dá bhfás agus dá n-inbhuanaitheacht a shamhlófaí é.

Tháinig meáin nua ar an bhfód ó tháinig Alt 10A. i bhfeidhm. Ar líne go hiomlán atá na meáin sin. Nuair a chuirtear san áireamh an méadú atá tagtha ar infheictheacht na Gaeilge ar fud na meán éagsúla agus an méadú atá ag teacht ar fhardal na Gaeilge chun fógraíocht i nGaeilge a iompar, tá dea-thionchar na forála seo ar chur chun cinn na teanga agus ar threisiú an fhreastail atá á dhéanamh ag an tseirbhís poiblí ar phobal na Gaeilge le feiceáil.

## 3. GÉILLIÚLACHT A THOMHAS AGUS TORTHAÍ

### Modheolaíocht

Mar a leagtar amach sa réamhrá, leagann Alt 10A. d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 na dualgais seo a leanas ar chomhlachtaí poiblí:

- 20% ar a laghad dá ngníomhaíochtaí fógraíochta gach bliain a dhéanamh i nGaeilge
- 5% ar a laghad dá mbuiséad bliantúil fógraíochta a chaitheamh ar fhógraíocht i nGaeilge, a dhéantar ar mheáin Ghaeilge.

### Taiscthí ó Chomhlachtaí Poiblí i ndáil le Géilliúlacht

Iarradh ar Chomhlachtaí Poiblí, an 5 Márta 2024, a dtaiscthí i ndáil le slata tomhais géilliúlachta a uaslódáil ar thairseach ar líne. Seoladh comhfhreagras ina leith seo chuig ceannairí na gComhlachtaí Poiblí, chuig na baill foirne a ainmnítear faoi Alt 4B(a) d'Acht leasaithe 2021 (baill foirne atá freagrach as tuairisciú ar chomhlíonadh oibleagáidí faoin Acht) d'Oifigigh Ghaeilge, agus chuig teagmhálaithe atá freagrach as Scéimeanna Teanga Oifigiúla a chur i bhfeidhm sna Comhlachtaí Poiblí. Socraíodh an 29 Márta 2024 ina spriocdháta le haghaidh taiscthí a bheith faighte. Cuireadh meabhrúcháin le ríomhphost ar bhonn rialta chuig

Comhlachtaí Poiblí nár chuir a gcuid taiscthí isteach faoin spriocdháta. Tá cumarsáid leanúnach idir OCT agus na comhlachtaí poiblí ar mhaithe le taisceadh ar Alt 10A. a dheimhniú do gach Comhlacht Poiblí. Déanann OCT iarracht freastal ar chomhlachtaí poiblí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus muid ag cur cúnamh ar fáil ar an teileafón nó i gcruinnithe ar líne agus ar an láthair de réir mar ba ghá. Cuirfear na feidhmeanna agus na cumhachtaí comhlíontachta go léir faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) i bhfeidhm chun géilliúlacht Comhlachtaí Poiblí d'Alt 10A. a chinntiú.

### Féintuairisciú i measc Comhlachtaí Poiblí

Rinneadh na 334 comhlacht poiblí a d'fhéintuairiscigh ar a ngníomhaíochtaí fógraíochta do 2023 go dtí seo a chatagóiriú de réir tairseacha tuairiscithe caiteachais ar fhógraíocht mar a léirítear i dTábla 4. Mar a luadh sa Réamhrá thuas ba é b'aidhm leis an gcatagóiriú sin ná comparáid a dhéanamh idir comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid chomhchosúla fógraíochta acu agus treochtaí géilliúlachta a iniúchadh.

Léiríonn Tábla 4 freisin líon na gcomhlachtaí poiblí a bhfuil taiscthí féintuairiscithe seolta acu faoin am seo agus a thagann faoi na tairseacha catagóirithe caiteachais éagsúla ar fhógraíocht.

Tábla 4

Catagóir	Caiteachas ar Fhógraíocht	Líon Comhlachtaí Poiblí
Catagóir A	≥ €750,000	27
Catagóir B	€250,000 - €749,000	33
Catagóir C	> €250,000	274

## Torthaí Ardleibhéil

### Fógraíocht a rinne an tSeirbhís Phoiblí in 2023

Go dáta thuairiscigh 334 comhlacht poiblí ar a ngníomhaíochtaí fógraíochta do 2023, arbh ionann na gníomhaíochtaí sin agus caiteachas iomlán €97.3 ar fhógraíocht don bhliain. Is ionann 334 comhlacht poiblí agus 67% den uilephobal 500 comhlacht poiblí san iomlán a thagann faoi scáth na reachtaíochta teanga. Chuir OCT acmhainní nach beag ar fáil chun rannpháirtíocht chomh

hard agus arbh fhéidir a chinntiú, chomh sciobtha agus arbh fhéidir in 2024, go háirithe maidir le comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid fógraíochta suntasach acu in aghaidh na bliana. Tá an próiseas faireacháin ar gach comhlacht poiblí nár chuir aighneacht iniúchta isteach do 2023 ar siúl i gcónaí agus dul chun cinn á dhéanamh go seachtainiúil ina leith.

### Caiteachas ar Fhógraíocht san Earnáil Phoiblí (2023)

Dhearbhaigh OCT an caiteachas uile ar fhógraíocht a thuairiscigh comhlachtaí poiblí don bhliain 2023 le Nielsen Ad Intel, foinse sonraí fógraíochta ag a bhfuil aitheantas forleathan. Dá réir sin táthar muiníneach gurb ionann an leibhéal iomlán caiteachais atá tuairiscithe anseo agus 98% den chaiteachas iomlán a rinne comhlachtaí poiblí trí chéile ar fhógraíocht in 2023, de thoradh na cros-seiceála thuasluaite le rianú neamhspleách Nielsen Ad Intel maidir le comhlachtaí poiblí a rinne fógraíocht in 2023. Is díol spéise é gurb ionann an tsuim €97.3m sin agus 7% den chaiteachas iomlán €1.47B (Nielsen Ad Intel) ar fhógraíocht in Éirinn do 2023, rud a chuimsíonn fógraíocht san earnáil phríobháideach agus poiblí araon.

## Cairt C

### Caiteachas Iomlán na gComhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht (2023)

(Fógraíocht i mBéarla & i nGaeilge)

■ Caiteachas ar Fhógraíocht as Gaeilge agus as Béarla san Earnáil Phoiblí (2023)




Léiríonn Cairt D miondealú ar an €97.3m san iomlán a chaith Comhlachtaí Poiblí ar fhógraíocht i nGaeilge agus i mBéarla in 2023. Is féidir a léiriú ó na sonraí a cuireadh ar fáil gur chaith Comhlachtaí Poiblí €83m den tsuim iomlán €97.3m ar

Fhógraíocht i mBéarla, agus gur caitheadh €14.2m ar fhógraíocht i nGaeilge. Cuimsíonn an €14.2m sin fógraíocht faoi úinéireacht agus íochta, agus caiteachas €3.8m ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge chun críche na forála 5%.

## Cairt D

### Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla agus i nGaeilge

	Caiteachas	Céadatan
■ Caiteachas ar Fhógraíocht i mBéarla	€83m	85%
■ Caiteachas ar Fhógraíocht i nGaeilge (cé is moite de na Meáin Ghaeilge)	€10.4m	11%
■ Caiteachas ar Fhógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	€3.8m	4%



## PRÍOMHDHÍOL SUNTAIS

Is ionann caiteachas €3.8m ar na meáin Ghaeilge agus allúntas buiséid 4% ó chomhlachtaí poiblí mar earnáil trí chéile, chun críche na forála 5%. Sainordaíonn an fhoráil seo go gcaithfidh gach comhlacht poiblí 5% dá bhuiséad bliantúil fógraíochta a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

### Fógraíocht i nGaeilge

Léiríonn Cairt E raon na meán éagsúil a úsáideann comhlachtaí poiblí chun fógraíocht i nGaeilge a dhéanamh do na forálacha 20% agus 5%. Léiríonn na sonraí gurb é an Preas an meán is mó a úsáidtear d'fhógraíocht i nGaeilge

i dtaca leis an dá fhoráil reachtúil (20% & 5%), agus gurb é Raidió an dara meán is mó agus na Meáin Shóisialta an tríú meán ba mhó a húsáideadh. Os a choinne sin, fuarthas amach san anailís gurb iad Pictiúrlanna an meán is lú a d'úsáid fógraíocht i nGaeilge.

### Cairt E

#### Na meáin a úsáideann Comhlachtaí Poiblí

(Fógraíocht i nGaeilge i ndáil le Forálacha 20% & 5%)

	Céadatan
Preas	23%
Raidió	18%
Meáin Shóisialta - Íochta	16%
Taispeáint Dhigiteach	14%

	Céadatan
Fuaim Dhigiteach	9%
Fógraíocht Lasmuigh	7%
Físeán ar Éileamh	7%
Teilifís	5%
Pictiúrlann	1%



### Caiteachas Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht

Léiríonn na cairteacha seo a leanas (F, G, H & I) an caiteachas a rinne comhlachtaí poiblí ina n-iomláine de réir catagóire. Mar a léiríodh roimhe seo i dTábla 1, déantar comhlachtaí poiblí a chatagóiriú mar seo a leanas ionas gur

féidir comparáidí a dhéanamh idir comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid chomhchosúla fógraíochta acu agus treochtaí géilliúlachta a iniúchadh.


Léiríonn Cairt F an caiteachas trí chéile ar fhógraíocht a rinne Comhlachtaí Poiblí de réir chatagóirí A, B & C.

### Cairt F

#### Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht (2023)

(Catagóirí A, B & C) Forálacha 5% & 20%

	Caiteachas
Catagóir A - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil Caiteachas ar Fhógraíocht ≥ €750,000	€71.6m
Catagóir B - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil Caiteachas ar Fhógraíocht €250,000 - €749,000	€15m
Catagóir C - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil Caiteachas ar Fhógraíocht < €250,000	€10.7m



### Catagóir A - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil caiteachas bliantúil ar fhógraíocht ≥ €750,000


Léirítear i gCairt G gur chaith Comhlachtaí Poiblí Chatagóir A 3% ar an meán dá mbuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge in 2023 chun críche na forála 5%, trí €2.06m as buiséad iomlán €71.57m a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

#### Cairt G

#### Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir A ar Fhógraíocht (Foráil 5%)

(Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)

Caiteachas iomlán	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge
€71.6m	€69.5m	€2.1m	3%



### Catagóir B - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil caiteachas bliantúil ar fhógraíocht €250,000 - €749,000


Léirítear i gCairt H gur chaith Comhlachtaí Poiblí Chatagóir B 6% ar an meán dá mbuiséad fógraíochta, ar na meáin Ghaeilge in 2023 chun críche na forála 5%, trí €965K de bhuiséad iomlán €14.93m a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

#### Cairt H

#### Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir B ar Fhógraíocht (Foráil 5%)

(Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)

Caiteachas iomlán	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge
€14.9m	€13.9m	€1m	6%



### Catagóir C - Comhlachtaí Poiblí ag a bhfuil caiteachas bliantúil ar fhógraíocht < €250,000


Léirítear i gCairt I gur chaith Comhlachtaí Poiblí Chatagóir C 7% ar an meán dá mbuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge in 2023 chun críche na forála 5%, trí €774K de bhuiséad iomlán €10.74m, a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

#### Cairt I

#### Caiteachas Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir C ar Fhógraíocht (Foráil 5%)

(Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)

Caiteachas iomlán	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	% Caiteachais ar na Meáin Ghaeilge
€10.7m	€9.9m	€0.8m	7%



## 4. BREITHNIÚCHÁIN SHUNTASACHA EILE

Cé nach bhfuil Alt 10A. i bhfad i bhfeidhm, tá méadú suntasach le feiceáil ar fhógraíocht trí Ghaeilge ar fud na meán cumarsáide le bliain anuas agus is dea-scéal é sin don phobal teanga. Tá láithreach na Gaeilge ar na meáin chomhaimseartha ríthábhachtach dá hinbhuanaitheacht agus dá forbairt mar theanga bheo bhisúil. Mar sin féin, tháinig roinnt dúshlán thábhachtacha chun solais ar ghá iad a bhreithniú go cúramach agus an fhoráil seo á feidhmiú.

### Caighdeán na Gaeilge i bhFógraí

Fuair OCT gearáin faoi dhroch-caighdeán Gaeilge a bheith á húsáid i bhfógraí áirithe. Ba léir go raibh dúshlán ag baint le fógraíocht ar na meáin chraolta, agus tháinig sé chun solais i roinnt cásanna go raibh deacrachtaí ag gníomhaireachtaí cruthaitheachta a bhí ag feidhmiú thar ceann na gcomhlachtaí poiblí cóipscribhneoirí cumasacha le Gaeilge a fhostú. B’amhlaidh an cás freisin maidir le haisteoirí nó ealaíontóirí gutha le Gaeilge líofa a aimsiú chun an chaint a sheachadadh go nádúrtha, cruinn agus soiléir. Tá OCT i dteagmháil le hearnáil na fógraíochta agus le heagraíochtaí Gaeilge chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo. Tá béim leagtha ag OCT sna nótaí comhairleacha a scaipeadh ar chomhlachtaí poiblí maidir le feidhmiú Alt 10A. gur bunriachtanas ardchruinneas Gaeilge a bheith ina gcuid fógraí.

Cuirfidh éagsúlacht agus leitheadúlacht mhéadaithe na bhfógraí ar fud na meán cumarsáide go léir, de thoradh ar Alt 10A leis an éileamh a bheidh ar dhaoine le sainscileanna i ndáil le cóip/scriptscribhneoireacht, aistriúchán, dearadh grafach, athghuthú, fotheidealú, aisteoireacht agus léiriú meán. Agus 500 comhlacht poiblí forordaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an ngá atá le seirbhísí comhairleoireachta teanga sna blianta atá romhainn amach. Agus an méadú ar sheirbhísí comhairleoireacha Gaeilge á mheas, tá sé tábhachtach forálacha nua Acht 2021 atá le teacht i bhfeidhm fós a chur san áireamh, cuir i gcás an ceanglas ar chomhlachtaí poiblí foirmeacha oifigiúla a fhoilsiú i nGaeilge agus córais TFC a bheith in ann ainmneacha, sloinnte agus seoltaí i nGaeilge a thaifeadh agus a phróiseáil. Is gné an-tábhachtach sa phróiseas chun cabhrú le comhlachtaí poiblí a ndualgais i ndáil le cearta teanga a chomhlíonadh é acmhainn bhreise seirbhísí comhairleoireachta Gaeilge a chothú go náisiúnta. Tá sé riachtanach go gcuirfeadh le feachtas na gcomhlachtaí poiblí ar na soláthróirí atá ar fáil go náisiúnta d’fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí cruinneas teanga a chinntiú ina soláthar féin. Is chun ár leasa uile é go mbeadh sineirgíocht idir obair na n-áisiúntaí forbartha teanga, polasaí Rialtais agus earnáil na hOllscolaíochta Gaeilge lena chinntiú go mbeidh dóthain saineolaithe teanga ar fáil chun freastal ar na héilimh uile a chothóidh feidhmiú forálacha nua an Achta leasaithe, Alt 10A. san áireamh. Anuas ar na deiseanna fostaíochta breise a

easróidh ó fheidhmiú na reachtaíochta teanga nua do shaineolaithe teanga is cinnte go mbeidh deiseanna forbartha agus saothraithe ioncaim ann do phobal na Gaeilge sna réimsí seo a leanas: intleacht shaorga, dearadh grafaice, athghuthú, fotheidealú, léiriú fise, script-scribhneoireacht agus araile.

### Fardal na Meán Gaeilge

Mar a chonaiceamar san anailís is iad comhlachtaí poiblí i gCatagóir B (Caiteachas ar Fhógraíocht €250K - €749K) agus i gCatagóir C (Caiteachas ar Fhógraíocht < €250K) go príomha a chomhlíon an riachtanas reachtúil i ndáil le caiteachas bliantúil fógraíochta 5% ar na meáin Ghaeilge. Téama coitianta a tháinig chun cinn san aiseolas ó Chomhlachtaí Poiblí a bhfuil buiséid fógraíochta níos mó acu is ea a dhéine a chuaigh sé orthu sprioc 5% a bhaint amach mar gheall ar fhardal teoranta na meán Gaeilge. Ciallaíonn an téarma “fardal” “spás fógraíochta” atá ag earnáil na meán Gaeilge. Is iondúil go gcaitheann comhlachtaí ag a bhfuil buiséid fógraíochta níos mó acmhainní ar fhógraíocht teilifíse agus raidió i gcomparáid le comhlachtaí poiblí le buiséid fógraíochta níos lú. De réir aiseolais ó chomhlachtaí poiblí le buiséid fógraíochta níos mó, is cosúil go bhfuil dúshlán ar leith maidir le leibhéal an tsoláthair in earnáil na meán Gaeilge chun freastal ar líon suntasach fógraí ag an am céanna. Mar shampla, thagair an t-aiseolas do spás teoranta d’fhógraíocht teilifíse sna meáin Ghaeilge agus go bhféadfadh go mbeadh ‘seanbhlás’ ar fhógraí má dhéantar feachtais fógraíochta a chraoladh arís agus arís eile ar an soláthraí céanna meán. Ina theannta sin, tuairiscíodh go raibh an spás fógraíochta ar raidió na meán Gaeilge chun críche na forála 5% teoranta, cé gur tháinig feabhas áirithe air seo, go háirithe tar éis do RTÉ Raidió na Gaeltachta a fhógairt in 2024 go mbeadh an stáisiún ag glacadh le fógraíocht ar bhonn tráchtála.

### Tuairiscíú Breise

Tá an próiseas faireacháin ar gach comhlacht poiblí nár thug aighneacht iniúchta chríochnúil d’Alt 10A. do 2023 chun críche fós ar siúl. Cuirfeadh na feidhmeanna agus na cumhachtaí go léir atá ar fáil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 & 2021) i bhfeidhm chun géilliúlacht Comhlachtaí Poiblí d’Alt 10A. a chinntiú.

Mar fhocal scoir is cinnte go bhfuil dea-thionchar na forála Alt 10A. le feiceáil cheana féin laistigh d’achar gearr ama. Tá an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus le léamh i bhfad níos minice in abhantracha na meán cumarsáide éagsúla go háitiúil agus go náisiúnta. Aithnítear an deis atá greanta in Alt 10A. maidir le cur chun cinn na Gaeilge ar mheáin chumarsáide an lae inniu agus i láidriú na gcearta teanga atá dlite do phobal na Gaeilge.



